C/2023/109

12.10.2023

Ráiteas dearbhaithe CIE maidir leis an 9ú, 10ú agus 11ú CEF chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle

(C/2023/109)

Tuairim

I. Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais bhliantúla an 9ú, 10ú agus 11ú CEF, atá comhdhéanta den chlár comhordaithe, an ráiteas feidhmíochta airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid, an ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus an tuarascáil ar chur chun feidhme airgeadais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, faoi mar a formheasadh iad;

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, a bhfuil an Coimisiún freagrach as a mbainistíocht airgeadais ([1]).

Beachtas na gcuntas

Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

II. Is é ár dtuairim go dtugann cuntais bhliantúla an 9ú, 10ú agus 11ú CEF don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar a staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a gcuid oibríochtaí, ar a sreabha airgid agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le Rialachán Airgeadais CEF agus le rialacha cuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

Ioncam

Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim

III. Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun leis na cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

Caiteachas

Tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais

IV. Is é ár dtuairim, mar gheall ar shuntasacht an ábhair a bhfuil cur síos air faoi 'Bunús don tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais', go bhfuil difear ábharthach déanta ag earráid don chaiteachas atá glactha sna cuntais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022.

Bunús don tuairim

V. Tá ár n-iniúchóireacht déanta againn i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) agus Cóid Eitice IFAC agus Caighdeáin Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta (ISSAInna) INTOSAI. Tá cur síos níos mionsonraithe ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin agus na cóid sin sa roinn 'Freagrachtaí an iniúchóra' inár dtuarascáil. Tá na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus ár n-oibleagáidí eiticiúla comhlíonta againn faoi Chód Eitice do Chuntasóirí Proifisiúnta de chuid Bhord na gCaighdeán Idirnáisiúnta Eitice do Chuntasóirí. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus oiriúnach le bheith mar bhunús dár dtuairim.

([1]) De bhun Airteagail 43, 48-50 agus 58 den Rialachán Airgeadais is infheidhme don 11ú CEF, ní chlúdaíonn an ráiteas dearbhaithe seo acmhainní CEF a bhainistíonn BEI.

Bunús don tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais

VI. Tá difear ábharthach déanta ag earráid don chaiteachas atá taifeadta in 2022 faoin 9ú, 10ú agus 11ú CEF. Is é an *leibhéal earráide measta* don chaiteachas atá glactha sna cuntais ná 7,1 %.

Príomhábhair iniúchóireachta

VII. Is iad na príomhábhair iniúchóireachta ná na hábhair sin, de réir ár mbreithiúnais ghairmiúil, a raibh an tábhacht is mó ag gabháil leo inár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais don tréimhse reatha. Tugadh aghaidh ar na hábhair sin i gcomhthéacs ár n-iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus nuair a bhíomar ag teacht ar thuairim i dtaobh na ráiteas sin, ach ní thugaimid tuairim ar leithligh ar na hábhair sin.

Muirir fhabhraithe

VIII. Rinneamar measúnú ar na muirir fhabhraithe a bhí sna cuntais agus a bhí faoi réir leibhéil ard meastacháin. Ag deireadh na bliana in 2022, rinne an Coimisiún meastachán gurb ionann na speansais incháilithe a tabhaíodh ach nach bhfuil tuairiscithe go fóill ag na tairbhithe agus EUR 5 427 milliún (deireadh na bliana 2021: EUR 5 381 mhilliún).

IX. Scrúdaíomar an ríomh ar na meastacháin de na fabhruithe sin agus rinneamar athbhreithniú ar shampla de 30 réamh-mhaoiniú aonair agus 28 sonrasc i gcéim 1 chun aghaidh a thabhairt ar an riosca gur tugadh míráiteas ar na fabhruithe. Ba é ár gconclúid tar éis an obair a dhéanamh ná go raibh na muirir fabhraithe a bhí sainaitheanta sna cuntais deiridh iomchuí.

Tionchar féideartha tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach ar chuntais CEF 2022

X. Ar an 1 Feabhra 2020, scoir an Ríocht Aontaithe de bheith ina Bhallstát AE. Tar éis an comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (an 'Comhaontú um Tharraingt Siar') a bheith curtha i gcrích idir an dá pháirtí, gheall an Ríocht Aontaithe go mbeidh sí fós ina páirtí den CEF go dtí dúnadh an 11ú CEF agus gach CEF roimhe sin atá fós gan dúnadh. Beidh na hoibleagáidí céanna ar an Ríocht Aontaithe is atá ar na Ballstáit faoin gcomhaontú inmheánach lenar cuireadh ar bun an 11ú CEF; chomh maith leis na hoibleagáidí a eascraíonn ó CEFanna roimhe sin go dtína ndúnadh.

XI. Luaitear freisin sa Chomhaontú um Tharraingt Siar, i gcás nach bhfuil na méideanna ó thionscadail faoin 10ú CEF nó faoi CEFanna roimhe sin geallta nó nach bhfuil saoradh ó na gealltanais sin déanta ar dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, nach n-athúsáidfear sciar na Ríochta Aontaithe de na méideanna sin. Tá feidhm ag an méid sin freisin maidir le sciar na Ríochta Aontaithe de na cistí nár gealladh nó nach ndearnadh saoradh ó ghealltanais ina leith faoin 11ú CEF tar éis an 31 Nollaig 2022.

XII. Bunaithe ar an méid sin, níl aon tionchar airgeadais le tuairisciú maidir le cuntais CEF 2022. Is é ár gconclúid go bhfuil léargas fíorcheart i gcuntais CEF amhail an 31 Nollaig 2022 ar staid an phróisis um tharraingt siar ar an dáta sin.

Freagrachtaí na bainistíochta

XIII. I gcomhréir le hAirteagail 310 go 325 CFAE agus le Rialacháin Airgeadais an 11ú CEF, is í an bhainistíocht atá freagrach as cuntais bhliantúla CEF a ullmhú agus a chur i láthair bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo, agus is iad atá freagrach as dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo. Áirítear ar an bhfreagracht sin rialú inmheánach a cheapadh, a chur chun feidhme agus a chothabháil, ar córas rialaithe é a bhaineann le hullmhú agus le cur i láthair ráiteas airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábharthach, bídís sin ann mar gheall ar *chalaois* nó mar gheall ar earráid. Is é an Coimisiún atá freagrach ar deireadh as dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun le cuntais CEF.

XIV. Agus na cuntais á n-ullmhú, tá an Coimisiún freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na CEFanna leanúint ar aghaidh mar ghnóthas reatha, aon ábhair ábhartha a nochtadh agus úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais reatha de réir mar is infheidhme, ach amháin i gcás ina bhfuil sé i gceist aige an t-eintiteas a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réalaíoch eile aige ach é sin a dhéanamh.

XV. Is é an Coimisiún atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tuairiscithe airgeadais na CEFanna.

Freagrachtaí an iniúchóra maidir leis an iniúchadh ar chuntais CEF agus na hidirbhearta is bun leo

XVI. Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé an bhfuil cuntais CEF saor ó mhíráiteas ábharthach nó nach bhfuil agus an bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta nó nach bhfuil, agus ráiteas dearbhaithe a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ar bhonn ár n-iniúchta, maidir le beachtas na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaítear leis go cinnte go bhfuil gach míráiteas nó neamhchomhlíonadh ábharthach a d'fhéadfadh a bheith ann braite san iniúchadh. D'fhéadfadh sé go n-eascróidís as calaois nó earráid agus meastar gur ábhar ábharthach iad más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar aon chinneadh eacnamaíoch ar bhonn chuntais CEF.

XVII. Maidir le hioncam, scrúdaímid na ranníocaíochtaí go léir ó Bhallstáit agus sampla de chineálacha eile d'idirbhearta ioncaim.

XVIII. I gcás an chaiteachais, scrúdaímid idirbhearta íocaíochta a luaithe atá caiteachas tabhaithe, taifeadta agus glactha. Clúdaíonn an scrúdú sin gach catagóir íocaíochta (seachas airleacain) ag an bpointe a ndéantar iad. Scrúdaítear réamhíocaíochtaí a luaithe atá fianaise curtha ar fáil ag *faighteoir* na gcistí ar a gceartúsáid agus a luaithe atá an fhianaise sin glactha ag an institiúid nó ag an gcomhlacht tríd an réamhíocaíocht a imréiteach, rud a bhféadfadh sé nach dtarlódh go dtí bliain éigin ina dhiaidh sin.

XIX. Feidhmímid ár mbreithiúnas gairmiúil agus bíonn aird chuí againn ar an sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Déanaimid an méid seo a leanas freisin:

— Na rioscaí a ghabhann le míráiteas ábharthach a bheith i gcuntais CEF agus na rioscaí go bhfuil neamh-chomhlíonadh ábharthach ó thaobh cheanglais chreat dlíthiúil CEF i gceist sna hidirbhearta is bun leis na cuntais, bídís sin ann mar gheall ar chalaois nó mar gheall ar earráid, a shainaithint agus a mheasúnú. Déanaimid nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i gcrích atá sofhreagartha do na rioscaí sin agus faighimid fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le bheith mar bhunús dár dtuairim. Tá cásanna de mhíráiteas ábharthach nó neamh-chomhlíonadh a éiríonn as calaois níos deacra le brath ná na cásanna sin a éiríonn as earráidí, mar go bhféadfadh camastaíl, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, nó dífheidhmiú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois. Dá thoradh sin, is mó an baol atá ann nach féidir cásanna den sórt sin a bhrath.

— Faighimid tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh, chun nósanna imeachta iniúchóireachta oiriúnacha a dhearadh, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh sin.

— Déanaimid measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideann an bhainistíocht agus ar a réasúnaí atá meastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara eile na bainistíochta.

— Teacht ar chonclúidí maidir lena oiriúnaí atá an úsáid a bhaineann an bhainistíocht as bonn cuntasaíochta an ghnóthais reatha agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, an bhfuil éiginnteacht ábharthach ann mar gheall ar theagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na CEFanna leanúint ar aghaidh mar ghnóthas reatha. Má thagaimid ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábharthach den chineál sin ann, ní mór dúinn aird a tharraingt inár dtuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara i gcuntais CEF nó, mura leor na nochtuithe sin, bíonn orainn ár dtuairim a mhodhnú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta na tuarascála uainn. D'fhéadfadh teagmhais nó dálaí amach anseo a bheith ina gcúis leis an eintiteas scor de bheith ina ghnóthas reatha, áfach.

— Meastóireacht a dhéanamh ar léiriú, struchtúr agus inneachar foriomlán na gcuntas bliantúil, lena n-áirítear gach nochtadh, agus measúnú a dhéanamh féachaint an dtugann na cuntais bhliantúla léiriú fíorcheart ar na hidirbhearta agus teagmhais is bun leo.

XX. Déanaimid cumarsáid leis an mbainistíocht i dtaca leis an méid seo a leanas, i measc nithe eile: an scóip agus an tráthúlacht atá beartaithe don iniúchadh agus fionnachtana iniúchóireachta suntasacha, lena n-áirítear fionnachtana ar aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach.

XXI. Maidir leis na hábhair a pléadh leis an gCoimisiún, déanaimid amach cad iad na cinn is suntasaí san iniúchadh ar chuntais CEF agus arb iad, mar sin, na príomhábhair iniúchóireachta don tréimhse reatha iad. Déanaimid cur síos ar na hábhair sin sa tuarascáil mura rud é go gcuireann dlí nó rialachán cosc ar nochtadh poiblí nó go ndéanaimid cinneadh, i gcúinsí an-annamh, nár cheart ábhar a chur in iúl inár dtuarascáil toisc go bhféadfaí a bheith ag dréim go réasúnta leis gur mhó na hiarmhairtí díobhálacha a bheadh ann dá ndéanfaí amhlaidh ná aon tairbhe do leas an phobail.

6 Iúil 2023

Tony MURPHY

Uachtarán

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Lucsamburg